**C O M H A O N T Ú  C O T O N O U  A C C - A E**

**EAGRAÍOCHT NA STÁT SAN AFRAIC, I MUIR CHAIRIB AGUS SAN AIGÉAN CIÚIN**

**COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH**

**An Bhruiséil, 30 Meitheamh 2023**
**(OR. en)**

**ACP/21/002/23**

**ACP-UE 2101/23**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Cinneadh Uimh. 1/2023 ó Choiste Ambasadóirí ACC-AE an 30 Meitheamh 2023 chun Cinneadh Uimh. 3/2019 ó Choiste Ambasadóirí ACC-AE a leasú chun bearta idirthréimhseacha a ghlacadh de bhun Airteagal 95(4) de Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE |

**CINNEADH Uimh. 1/2023**
**Ó CHOISTE AMBASADÓIRÍ ACC-AE**

**an 30 Meitheamh 2023**

**chun Cinneadh Uimh. 3/2019 ó Choiste Ambasadóirí ACC-AE a leasú chun bearta idirthréimhseacha a ghlacadh de bhun Airteagal 95(4) den Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE**

TÁ COISTE AMBASADÓIRÍ ACC-AE,

Ag féachaint don Chomhaontú Comhpháirtíochta idir comhaltaí Ghrúpa Stát na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin, de pháirt amháin, agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile[1], agus go háirithe Airteagal 15(4) agus Airteagal 16(2) i gcomhar le hAirteagal 95(4) de,

---

1 IO L 317, 15.12.2000, lch. 3. Leasaíodh an Comhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE leis an gComhaontú a síníodh i Lucsamburg an 25 Meitheamh 2005 (IO L 209, 11.8.2005, lch. 27) agus leis an gComhaontú a síníodh in Ouagadougou an 22 Meitheamh 2010 (IO L 287, 4.11.2010, lch. 3).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Maidir leis an gComhaontú Comhpháirtíochta idir comhaltaí Ghrúpa Stát na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin , de pháirt amháin, agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile ('Comhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE'), síníodh é in Cotonou an 23 Meitheamh 2000 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Aibreán 2003. I gcomhréir le Cinneadh Uimh. 3/2019 ó Choiste Ambasadóirí ACC-AE[2] ('an cinneadh maidir le bearta idirthréimhseacha'), tá feidhm le bheith aige go dtí an 30 Meitheamh 2023.

(2) De bhun Airteagal 95(4), an chéad fhomhír, de Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE, cuireadh tús leis an gcaibidlíocht i dtreo Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE nua ('an Comhaontú nua') i mí Mheán Fómhair 2018. Ní bheidh an Comhaontú nua réidh le cur i bhfeidhm faoin 30 Meitheamh 2023, dáta éaga an chreata dhlíthiúil atá ann faoi láthair. Dá bhrí sin, is gá an cinneadh maidir le bearta idirthréimhseacha a leasú chun síneadh breise a chur le cur i bhfeidhm fhorálacha Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE.

(3) Le hAirteagal 95(4), an dara fomhír, de Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE, déantar foráil maidir le Comhairle na nAirí ACC-AE aon bhearta idirthréimhseacha a ghlacadh a bhféadfadh gá a bheith leo go dtí go dtiocfaidh an Comhaontú nua i bhfeidhm.

---

[2] Cinneadh Uimh. 3/2019 ó Choiste Ambasadóirí ACC-AE an 17 Nollaig 2019 maidir le bearta idirthréimhseacha a ghlacadh de bhun Airteagal 95(4) de Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE (IO L 1, 3.1.2020, lch. 3).

(4) De bhun Airteagal 15(4) de Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE, tharmlig Comhairle na nAirí ACC-AE, an 23 Bealtaine 2019, na cumhachtaí chun na bearta idirthréimhseacha a ghlacadh chuig Coiste Ambasadóirí ACC-AE[3].

(5) Dá bhrí sin, is iomchuí go nglacfadh Coiste Ambasadóirí ACC-AE cinneadh, de bhun Airteagal 95(4) de Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE, an cinneadh maidir le bearta idirthréimhseacha a leasú chun síneadh breise a chur le cur i bhfeidhm fhorálacha Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2023, nó go dtí go dtiocfaidh an Comhaontú nua i bhfeidhm nó go dtí go ndéanfar an Comhaontú nua idir an tAontas agus Stáit ACC a chur i bhfeidhm ar bhonn sealadach, cibé acu is túisce.

(6) Leanfar d'fhorálacha Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE a chur i bhfeidhm chun leanúnachas a choimeád ar bun sa chaidreamh idir an tAontas agus a Bhallstáit, ar thaobh amháin, agus Stáit ACC, ar an taobh eile. Dá réir sin, níl na bearta idirthréimhseacha leasaithe ceaptha chun Comhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE a leasú, faoi mar a fhoráiltear maidir leis sin in Airteagal 95(3) de,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[3] Cinneadh Uimh. 1/2019 ó Chomhairle na nAirí ACC-AE an 23 Bealtaine 2019 maidir le tarmligean cumhachtaí chuig Coiste Ambasadóirí ACC-AE i dtaca leis an gcinneadh bearta idirthréimhseacha a ghlacadh de bhun Airteagal 95(4) de Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE (IO L 146, 5.6.2019, lch. 114).

*Airteagal 1*

In Airteagal 1 de Chinneadh Uimh. 3/2019 ó Choiste Ambasadóirí ACC-AE, cuirfear an dáta '30 Meitheamh 2023' in ionad an dáta '31 Deireadh Fómhair 2023'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 1 Iúil 2023.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil an 30 Meitheamh 2023

*Thar ceann Chomhairle na nAirí ACC-AE*
*Ag Coiste Ambasadóirí ACC-AE*
*An tUachtarán*
*Sutiawan GUNESSEE*